Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Márta 2023
(OR. en)

6499/23

SOC 117
EMPL 76
SAN 84

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair |

1. Tá deireadh a theacht le téarma oifige na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair an 31 Márta 2023[1].

2. De bhun Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2019/126[2], 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha. Beidh an téarma sin in-athnuaite. Nuair a thiocfaidh deireadh lena dtréimhse oifige nó i gcás ina n-éireoidh siad as oifig, fanfaidh comhaltaí agus comhaltaí malartacha in oifig go dtí go ndéanfar a gceapacháin a athnuachan nó go gcuirfear comhaltaí nua ina n-ionad.

[1] Cinneadh ón gComhairle an 9 Aibreán 2019 lena gceaptar na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) (IO C 135, 11.4.2019, lch. 7)

[2] Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle (IO L 30, 31.1.2019, lch. 58)

3. De bhun Airteagal 4(1) agus Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2019/126, is í an Chomhairle a cheapann na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha den Bhord Bainistíochta a dhéanann ionadaíocht ar rialtais, ar eagraíochtaí fostaithe agus ar eagraíochtaí fostóirí na mBallstát as measc chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ar feadh tréimhse 4 bliana. Rinneadh comhaltas an Choiste Chomhairligh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a athnuachan go deireanach an 24 Feabhra 2022[3].

4. Tá tograí faighte ag Rúnaíocht na Comhairle maidir le comhaltaí agus comhaltaí malartacha a cheapadh ó na Ballstáit agus ó urlabhraithe na ngrúpaí faoi seach sa Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. Bunaithe ar na tograí sin, ullmhaíodh dréacht le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair mar a leagtar amach in 6498/23 é[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a ghlacadh mar mhír 'A', agus

   (b) a chinneadh go bhfoilseofar an Cinneadh mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

---

[3] Cinneadh ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C 92, 25.2.2022, lch. 1)

[4] Bailchríoch curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.